

Comórtas Idirnáisiúnta Iascaireachta Cuil 5 Náisiún 2022

N22BBM

Bhí an-áthas ar an gconraitheoir ar thionscadal an N22BBM, Jons Civil Engineering-John Cradock JV Ltd. a bheith in ann tacú leis an gcomórtas iascaireachta mór le rá seo atá dírithe ar Bhaile Bhuirne. Bhí an comórtas féin ar siúl idir 18 agus 23 Meán Fómhair i mbliana agus tá moladh mór ag dul don choiste eagraithe as ucht an rath a bhí ar an ócáid.



Tuarascáil an Choiste Iomaíochta:

Críochnaíodh Craobhchomórtais Iascaireachta Cuil na gCúig Náisiún in Éirinn arís i mbliana. Bunaithe sa Mhuileann, Baile Bhuirne, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí atá i gcroílár na sár-iascaireachta breac donn fiáin i gcontaetha Chorcaí agus Chiarraí.

Bhronn TAFI (Cónaidhm Slatiascairí Breac na hÉireann) an onóir seo orainn an comórtas idirnáisiúnta seo a óstáil agus ar Chlub Slatiascaireachta Mhaigh Chromtha ata ag ceiliúradh Céad Bliain i mbliana. Bhí an club thar a bheith sásta an imeacht a eagrú in éineacht le Club Gougane Barra, Slatiascairí Cheann Toirc, Slatiascairí Bradán agus Breac Loch Léinn Chill Áirne.

Bhí na hionaid, mar a bhí roimhe seo, i Loch Ghuagán Barra, Abhainn Ealla i gCeann Toirc agus Loch Léin, Cill Áirne, 2 rannán Thoir agus Thiar. Sholáthair na clubanna a bhí páirteach in éineacht le Slatiascairí Breac Mhala na rialtóirí agus na breithiúna rannán ar fad, 45 san iomlán. Ba é Don Ó Laoire, eagraí idirnáisiúnta, chomh maith leis an gcoiste - Caroline Breen Bhaile Bhuirne, Denis Cronin Mhaigh Chromtha, Maurice Willis Mhala, Michael Twohig Cheann Toirc, Tim Corbett Cheann Toirc, Tom Lofts Cheann Toirc, Pat Lehane Ghuagán Barra, Finbarr Lucey Ghuagán Barra, PJ O'Brien Mhala agus Richard Willis Mhala a chomhordaigh an t-imeacht iomlán. Ba ábhar díomá é nach raibh dhá náisiún in ann a bheith i láthair mar gheall ar chúiseanna gan choinne. Ghlac seacht bhfoireann páirt. Thug Iascaigh Intíre Éireann, Comhairle Contae Chorcaí, Údarás na Gaeltachta, Keary's Car Sales, Jons JCL, Dermot Casey Tree Care, The Bridge Bar Mallow, Twohig's Supervalu agus Jones Engineering an-tacaíocht don imeacht.

Tuarascáil an Choiste Iomaíochta (ar lean...):

Tá ár n-iascach i gCorcaigh agus i gCiarraí thuas ansin leis na cinn is fearr ar domhan agus tá an Breac Donn Fiáin sna hionaid seo ar fad. Bhí gach éinne an-tógtha le cé chomh hálainn is atá an dúthaigh ina mbímid ag iascaireacht.

Ba mhaith le Cónaidhm Slatiascairí Breac na hÉireann agus lenár gcoiste eagrúcháin buíochas a ghabháil le hlascaigh Intíre Éireann, Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra Chill Áirne, na Rialaitheoirí, Fir Bhád, Slatiascairí Cheann Toirc, Slatiascairí Ghúgáin Barra, Slatiascairí Loch Léin, Slatiascairí Bradán agus Breac Chill Airne agus le Slatiascairí Mhaigh Chromtha, as a gcuid cúnamh agus comhoibríochta agus an ócáid seo a óstáil.

Comhghairdeachas leis na buaiteoirí agus na rannpháirtithe go léir agus buíochas leis na slatiascairí a tháinig ar cuairt as a gcomhoibriú le linn na hócáide.

Is comórtas idirnáisiúnta an-tábhachtach é seo i bhféilire bliantúil na hiascaireachta agus tiocfaidh fás air sna blianta atá romhainn. An bhliain seo chugainn tá foirne ag súil go mór le taisteal go dtí oirthuaisceart Shasana. Arís eile ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár n-urraitheoirí ar fad a chabhraigh go mór linn.

Bhí toradh an-mhaith ag Éirinn le 'Foireann Bán na hÉireann' sa chéad áit, Sasana sa dara háit agus 'Foireann Glas na hÉireann' sa tríú háit.

Foireann Bán na hÉireann:

Campbell Baird (Captaen), Shane Callen, Michael Drinan agus Sean Kirwan.

Sasana:

Lee Cartmail (Captaen), Del Spry, Chris Micallef, agus Joel Beeney

Foireann Glas na hÉireann:

William Tanner (Captaen), Gerry Molloy, Dinger Murphy agus Paudie Fahy.

Aonair:

Ór:
Shane Campbell

Airgead:
Campbell Baird

Cré-umha:
Michael Drinan

Longest Fish:
Shane Callan



Mar fhocal scoir, bhí Jons Civil Engineering-John Cradock JV Ltd. an-sásta a chloisteáil go raibh rath ar an gCraobhchomórtas seo i mbliana agus ba mhaith linn ár mbuíochas agus ár ndea-mhéin a chur in iúl don choiste eagraithe déanaimid comhghairdeas leo agus guímíd gach rath a ghuí orthu don todhchaí.